Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 15 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**15131/23**

**LIMITE**

**DEVGEN 197**
**RELEX 1280**
**GENDER 197**
**FIN 1128**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Tuarascáil speisialta Uimh. 21/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: An Tionscnamh Spotsolais chun deireadh a chur leis an bhforéigean in aghaidh na mban agus na gcailíní<br>- Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle |

1. An 11 Meán Fómhair 2023, d'fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa a Tuarascáil Speisialta Uimh. 21/2023 dar teideal 'An Tionscnamh Spotsolais chun deireadh a chur leis an bhforéigean in aghaidh na mban agus na gcailíní – uaillmhianach, ach is tionchar teoranta atá go dtí seo aige.'[1]

2. Rinne an Mheitheal um Chomhar um Fhorbairt agus Comhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta measúnú ar an tuarascáil i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha síos sna Conclúidí ón gComhairle maidir leis an nós imeachta chun Tuarascálacha Speisialta arna ndréachtú ag an gCúirt Iniúchóirí a mheas.[2]

3. An 15 Samhain 2023, tháinig an Mheitheal ar chomhaontú i ndáil leis na dréachtchonclúidí ón gComhairle a d'ullmhaigh Uachtaránacht na Spáinne.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an comhaontú maidir leis an téacs, mar a leagtar amach é san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, a dheimhniú agus é a chur faoi bhráid na Comhairle lena fhormheas.

---

[1] Tá an tuarascáil speisialta sin le fáil ar shuíomh gréasáin na Cúirte: https://www.eca.europa.eu.
[2] 7515/00 FIN 127 + COR 1.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**DRÉACHT**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 21/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal an Tionscnamh Spotsolais chun deireadh a chur leis an bhforéigean in aghaidh na mban agus na gcailíní**

PUBLIC

1. Is díol sásaimh don Chomhairle foilsiú Thuarascáil Speisialta Uimh. 21/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal an Tionscnamh Spotsolais chun deireadh a chur leis an bhforéigean in aghaidh na mban agus na gcailíní agus tugann sí dá haire na conclúidí agus na moltaí atá iontu. Leagann an Chomhairle béim ar a thábhachtaí atá an t-iltaobhachas éifeachtach agus leanann sí de bheith tiomanta i gcónaí an tAontas a neartú agus é ina phríomhghníomhaí chun gach cineál foréigin ghnéasaigh agus inscnebhunaithe a chomhrac ar fud an domhain.

2. Leagann an Chomhairle béim ar a lárnaí i luachanna na hEorpa atá an comhionannas inscne, go mbeadh cearta uile an duine á dteachtadh ag mná agus cailíní— agus go ndéanfaí iad a chumhachtú — agus gur luachanna iad freisin atá cumhdaithe i gcreat dlíthiúil agus polaitiúil an Aontais; agus meabhraíonn sí an tiomantas comhchoiteann sa chomhdhearcadh Eorpach maidir le forbairt chun cosaint agus comhlíonadh chearta na mban agus na gcailíní a chur chun cinn go láidir mar thosaíocht i ngach réimse gníomhaíochta.

3. Aithníonn an Chomhairle obair na Cúirte i ndáil leis an measúnú, go háirithe gur leagadh síos cuspóirí ábhartha mar chuid den tionscnamh, gur thug sé torthaí, agus go ndeachaigh sé chun tairbhe do mhná agus cailíní, lena n-áirítear i gcásanna gan choinne, cuir i gcás paindéim COVID-19. Leagann an Chomhairle béim freisin ar an measúnú agus na moltaí i ndáil le méadú éifeachtúlacht, éifeachtacht agus tionchar an Tionscnaimh Spotsolais.

4. Tugann an Chomhairle dá haire freisin na freagraí ó sheirbhísí an Choimisiúin agus SEGS a ghabhann leis an Tuarascáil Speisialta agus is díol sásaimh di gur ghlac an Coimisiún leis na moltaí uile ón gCúirt, le heisceacht pháirteach amháin agus tá aghaidh tugtha aige ar go leor acu cheana féin, an tsamhail Spotsolais a shimpliú san áireamh, agus trí fheabhas a chur ar sholúbthacht agus inoiriúnaitheacht an Tionscnaimh do chomhthéacsanna áitiúla.

5. Aontaíonn an Chomhairle leis an mbarúil ón gCúirt go bhfuil gá le gníomhaíochtaí fadtéarmacha agus acmhainní breise chun athrú buan a chruthú ar fud an domhain maidir leis an saincheist chasta sin, agus aithníonn sí tiomantas an Choimisiúin tacaíocht bhreise a thabhairt don Tionscnamh Spotsolais. Ina theannta sin, is díol sásamh don Chomhairle gur roghnaigh na Náisiúin Aontaithe an Tionscnamh Spotsolais mar Thionscnamh Ardtionchair lena chur i láthair ag an gCruinniú Mullaigh faoi Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDG) an 17 Meán Fómhair 2023, agus béim á leagan aici ar a ghné thrasearnálach agus aghaidh á tabhairt ar Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe éagsúla.

6. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún, ar an Ardionadaí agus ar na Ballstáit leanúint dá n-iarrachtaí inbhuanaitheacht agus tionchar fadtéarmach na ngníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme a áirithiú chun deireadh a chur le foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe, trí mheán cur chuige cuimsitheach agus uile-shochaí, lena n-áirítear tríd an Tionscnamh Spotsolais agus i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú agus trí Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, agus rúin ina dhiaidh sin, ar a dtugtar an clár oibre maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil de ghnáth. Chun na críche sin, aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé maoiniú leordhóthanach, comhleanúnachas idir tionscnaimh an Aontais agus freagairt dhea-chomhordaithe agus atá sonrach don chomhthéacs agus don tír a áirithiú trí chur chuige Fhoireann na hEorpa lena n-áirithítear go mbeadh an t-idirphlé leis na tíortha comhpháirtíochta, na pobail áitiúla agus an tsochaí shibhialta costéifeachtacht agus éifeachtúlacht. Ina theannta sin, iarrann an Chomhairle go gcuirfí feabhas ar na hiarrachtaí chun tacú le hiarraidh ó Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe ag cruinniú mullaigh SDG chun deontóirí eile a mhealladh agus chun slógadh na n-acmhainní intíre i dtíortha comhpháirtíochta a chur chun cinn chun deireadh a chur le gach cineál foréigean ghnéasaigh agus inscnebhunaithe.

PUBLIC